

Conair Rotharbhealach Bhóthar na Trá

Eolas faoi Athruithe sa Cheantar

A Chónaitheoir, a chara,

Tá lána rothar dhá bhealach á thógáil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar Bhóthar na Trá agus Bóthar an Chladaigh idir Geataí Mhuirfean agus Bóthar Sheáin Uí Mhóra ar feadh **tréimhse thrialach 6 mhí**.


Tá méadú breis agus faoi dhó tagtha ar an méid daoine atá ag rothaíocht i mBaile Átha Cliath le deich mbliana anuas. Cuirfidh an lána rothar nua seo níos mó sábháilteachta ar fáil do na líonta méadaitheacha daoine atá ag rothaíocht go dtí an scoil, go dtí an obair agus ar mhaithe le fóillíocht. Baineann tábhacht ar leith leis seo i rith phaindéim Covid-19, fad atá an méid daoine is féidir taisteal ar iompar poiblí laghdaithe go mór. Is oiriúnaí triail a bhaint as an gconair seo faoi láthair mar gheall ar an laghdú atá tagtha ar an trácht.



Cuirfear tús le réamhoibreacha chun an rotharbhealach a thógáil an 15 Feabhra 2021. Déanfar oibreacha ag trasrianta coisithe agus timpealláin mar chuid den obair seo. Ní thiocfaidh aon athruithe ar an trácht reatha go dtí an 1 Márta 2021.

Athruithe ar thrácht sa cheantar – ag tosú an 1 Márta 2021

- Ní cheadófar ach trácht feithiclí ó dheas ar Bhóthar na Trá agus Bóthar an Chladaigh.
- Ní bheidh aon chasadh ar dheis ná ar chlé ann ó Bhóthar Mhuirfean go Bóthar na Trá.
- Leanfaidh gach cosc atá ar chasadh ar dheis ó Bhóthar Mhuirfean i dtreo Dhumhach Thrá i láthair na huaire a bheith i bhfeidhm.
- Leanfaidh an trácht dhá bhealach ag gluaiseacht idir Geataí Mhuirfean agus Páirc San Albán go sealadach chun trácht áitiúil a éascú go dtí go gcríochnófar na hoibreacha ar Bhóthar Mhuirfean, an casadh nua ar dheis ó Bhóthar na Trá san áireamh. Oslófar an lána rothar faoi dheireadh Mhárta 2021.



Tá eolas breise ar an triail, pleananna bainistíochta tráchtá san áireamh, ar fáil ag:

www.bit.ly/StrandRoadCycleRouteTrial

Ríomhphost: strandcycletrial@dublincity.ie

Ceisteanna Coitianta

Cén fáth go mbainfear triail as ar feadh 6 mhí? Cén fáth go bhfuil an triail á déanamh anois?

Cuirfidh tréimhse sé mhí dóthain ama ar fáil don scéim socrú isteach, chun patrúin nua ghluaiseachta a dheimhniú agus chun sonraí faoi ghluaiseacht a bhailiú. Mar gheall ar an laghdú atá tagtha ar an trácht mar gheall ar Covid-19, an t-athrú atá tagtha ar phatrúin chomaitéireachta de bharr go bhfuil daoine ag oibriú ón mbaile agus mar gheall gur mó an spéis atá ag daoine a chinntiú go bhfuil rotharbhealaí sábháilte leanúnacha cosanta ann, is tráth an-oiriúnach é seo chun tabhairt faoi thriail a bhaint den rotharbhealach a chuirfear i bhfeidhm go mear.

An mbeidh 800 feithicil san uair ag taisteal trí Dhumhach Thrá ar mhalairt slí?

Ní bheidh. Is ionann an méid tráchta ó thuaidh ar Bhóthar na Trá faoi láthair agus thart ar 3,200 feithicil sa lá. Tugann an comhaireamh tráchta a rinneadh in Eanáir 2021 (le linn shrianta Leibhéal 5) le fios go bhfuil 218 feithicil san uair, ar an meán, ag taisteal ó thuaidh idir 7am agus 7pm. Ní thaistealóidh na feithicil seo go léir trí Dhumhach Thrá. Léiríonn an samhaltú go dtaistealóidh feithicil ar roinnt bealaí, Bóthar Mhuirfean, Bóthar Stigh Lorgan agus an M50 san áireamh. Ní thabharfar aon chastaí breise ar dheis ó Bhóthar Mhuirfean i dtreo Dhumhach Thrá isteach mar chuid den triail agus níl súil againn, dá bharr, go dtaistealóidh an trácht seo trí Shráidbhaile Dhumhach Thrá dá bharr. Bainfidh feithicil úsáid as bealaí eile agus tosóidh daoine le húsáid a bhaint as modhanna iompair eile, cosúil leis an rothaíocht, i roinnt cásanna.

An dtiocfaidh méadú 322% ar an trácht i nDumhach Thrá?

Ní thagraíonn sé ach do bhóthar amháin, Céide na Mara, áit a gceaptar a dtiocfaidh méadú ar an trácht aníos ó 7 go 29 feithicil san uair.

An mbeidh bealach eile trí Dhumhach Thrá á lorg ag na mílte truicil?

Ní bheidh. Ní thiocfaidh aon athruithe ar an gcosc ar chastaí ar dheis ar Bhóthar Mhuirfean i dtreo Shráidbhaile Dhumhach Thrá, ar Bhóthar Ailesbury nó ar Ascaill Dhumhach Thrá. Laghdaíonn an cosc seo ar chastaí ar dheis an líon feithicil a thaistealaíonn isteach i Sráidbhaile Dhumhach Thrá. Anuas air sin, tá an cosc ar Fheithicil Earraí Troma (HGVanna) 5 acastóir i bhfeidhm i ngach áit i nDumhach Thrá, agus tá teorainneacha meáchain uasta 3.5 tonna i bhfeidhm ar fhormhór na mbóithre freisin. Baineadh 435 feithicil a bhfuil 5 acastóir agus níos mó acu sa lá ó Bhóthar na Trá faoin straitéis HGV a tugadh isteach in 2007. Thaistil na feithicil seo ar an M50 agus tríd an Tollán, ina ionad sin. Cuirfidh CCBÁC síneadh leis an gcosc atá ar fheithicil a bhfuil 5 acastóir agus níos mó acu atá i bhfeidhm faoi láthair i gceantar Dhumhach Thrá go dtí 24 uair an chloig i rith na trialach.

Cén fáth gur gá don rotharbhealach a bheith ar an mbóthar? Cén fáth nach n-úsáidtear an cosán, an phromanáid nó nach dtógtar clárchosán?

Bhainfí an cosán dá ndéanfaí lána rothar den chosán agus is áis chois trá é seo. Tá an cosán seo cúig huaire níos gnóthaí ná mar atá an cosán ar thaobh na dtithe. Bheadh go leor oibre i gceist leis freisin (e.g. an cosán a shíneadh, colúin soilsithe a bhogadh, draenáil nua a shuiteáil). Ghlacfadh seo i bhfad níos faide lena shuiteáil ná mar a ghlacfadh rogha na trialach. Bheadh cead pleanála agus measúnú timpeallachta ag teastáil ó lána rothar a thógáil ar an bpromanáid atá ann faoi láthair agus ghlacfadh seo roinnt blianta lena chríochnú. Bheadh an dúshlán le sárú go fóill - conas is féidir le rothaithe taisteal ar an stráice den bhóthar a fhad le Geataí Mhuirfean gan lána tráchta a chailleadh. Mar gheall ar íogaireacht chomhshaoil sa cheantar, is dóchúil go dteastóidh Ráiteas Tionchair Natura (RTN) agus cead ón mBord Pleanála chun clárchosán a thógáil. Ghlacfadh seo go leor blianta lena dhéanamh agus ní fhéadfaí a chinntiú go gceadófaí é.

Conas a dhéanfar an triail a mheasúnú?

Cuireadh ceamaraí monatóireachta trácht, ceamaraí breise CCTV agus ceamaraí monatóireachta timpeallachta in airde sa cheantar chun cabhrú le tionchar na trialach a thomhas.